Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Treoirlínte maidir le Dea-Chleachtas

Teagasc faoi chúrsaí forbartha

Tá an bhochtaineacht, an t athrú aeráide agus an éagothroime ar chuid de na dúshláin is mó atá le sárú ag an gcine daonna sa lá atá inniu ann. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh tíortha agus daoine ag obair as lámha a chéile chun na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Tá a cuid thábhachtach féin á déanamh ag Éirinn san iarracht dhomhanda seo chun domhan níos fearr agus todhchaí níos fearr a chruthú.

Tá sé bunriachtanach go gcuirtear leanaí ar an eolas faoi na fadhbanna seo agus faoi na bealaí inar féidir leo cabhrú chun domhan níos fearr a chruthú mar shaoránaigh dhomhanda atá dírithe ar réitigh a aimsiú. Tá gaol gairid idir an cumas atá leanaí rudaí a thuiscint, páirt a ghlacadh, agus gníomh a dhéanamh, agus an aois agus an taithí phearsanta atá acu. Ní mór cúrsaí forbartha agus saincheisteanna gaolmhara a theagasc ar bhealach atá oiriúnach d'aois na leanaí agus ina léirítear tuiscint faoi éagsúlacht na leanaí atá sa seomra ranga.

Is tusa is fearr a thuigeann riachtanais agus réimsí spéise do ranga féin, ach d'fhéadfá cuid de na treoirlínte seo thíos a chur san áireamh agus tú ag tosú amach, in éineacht leis na daltaí, ar bhur n aistear Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan.

Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Treoirlínte maidir le Dea-Chleachtas

Teagasc faoi chúrsaí forbartha

Treoirlínte maidir le dea-chleachtas atá anseo thíos maidir le cúrsaí forbartha agus saincheisteanna gaolmhara a theagasc, agus tá siad an ábhartha ar fad do mhúinteoirí a bhfuil páirt á glacadh acu, in éineacht lena ndaltaí, i nGradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan:

BA CHEART

Spás sábháilte ionchuimsitheach a chruthú don rannpháirtíocht oscailte mheasúil, mar shampla trí chonradh ranga a chomhaontú nó a mheabhrú do dhaltaí, glór an fhoghlaimeora a éascú le modheolaíochtaí rannpháirteacha, ceisteanna oscailte a chur, saincheisteanna a chur in iúl ó thaobh chearta an duine de, gníomhaíocht bhríoch a spreagadh bunaithe ar an bhfoghlaim agus ar an machnamh, srl.

Cuntas tomhaiste a thabhairt trí chur in iúl go bhfuil a fadhbanna féin ag gach aon tír, ach go bhfuil go leor gnéithe dearfacha ag gach aon tír freisin

Léiriú a thabhairt ar réimse leathan gnéithe den saol i dtír, beag beann ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh cúrsaí forbartha de

Machnamh a spreagadh faoi na cúiseanna atá leis an mbochtaineacht, an tearcfhorbairt, an imirce, an éagothroime srl.

A léiriú go ríshoiléir go mbaineann comhar, cúnamh nó cabhair forbartha leis an gcomhpháirtíocht idir tíortha agus daoine, agus nach carthanas atá i gceist leis. Is fearr a thuigfidh daltaí é sin má thaispeántar dóibh samplaí de thionscadail nó de chláir a chuaigh i gcion go mór ar shaol daoine a thuigeann siad féin, mar shampla leanaí agus daoine óga nó teaghlaigh.

Béim a leagan ar na róil thábhachtacha a bhíonn ag an rialtas i líon mór tíortha i mbéal forbartha chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an ocras, agus ar an gcaoi a mbíonn Éire ag tacú le rialtais éagsúla ar fud na cruinne chun saol níos fearr a bhaint amach do gach duine.

Iarracht a dhéanamh an ghné dhomhanda a cheangal leis an ngné áitiúil, agus leis na ceangail atá againn ar fad le daoine agus le háiteanna i gcéin is i gcóngar. A léiriú go ríshoiléir gur féidir le gach duine cur leis an bhforbairt trína chinntí agus trína ghníomhartha féin, mar shampla tacú leis an trádáil chóir, a thomhaltas féin a laghdú, tacú le feachtais ar son chearta an duine, srl.

SEACHAIN

Béim dhiúltach nó béim nach bhfuil de dhíth a leagan – d'aon ghnó nó de thaisme – ar leanaí ó na tíortha atá i gceist nó ar leanaí a bhfuil taithí acu ar na saincheisteanna atá á bplé, mar shampla an bhochtaineacht, an imirce, tearmann a iarraidh, nó soláthar díreach srl.

Ár ndomhan a chur i láthair mar áit nach bhfuil aon chumhacht ag daoine bochta agus nach féidir leo aon rud a dhéanamh chun cabhrú leo féin

Daoine nó tíortha a steiréitíopáil, mar shampla 'sean' in aghaidh 'nua-aimseartha', 'an iomarca bia' in aghaidh 'easpa bia', 'léannta' in aghaidh 'aineolach', 'faoi bhuntáiste' in aghaidh 'faoi mhíbhuntáiste' srl.

Ginearálú – mar shampla, a rá nach bhfuil ach daoine bochta ina gcónaí i dtíortha i mbéal forbartha

Cúrsaí forbartha a chur i láthair i dtéarmaí fadhbanna ollmhóra ar scála domhanda nach féidir linn mórán a dhéanamh fúthu

Spreagthaigh (mar shampla grianghraif nó físeáin) a úsáid nó aschuir (mar shampla dráma, scéal) a chruthú nach léiríonn meas ar dhínit na ndaoine ann, mar shampla léiriú a thabhairt ar dhaoine atá ag fáil bháis leis an ocras

Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Treoirlínte maidir le Dea-Chleachtas

Naisc úsáideacha:



Cumann na hÉireann um Oideachas Forbartha (IDEA). Good Practice Guidelines for Development Education in Schools.

www.ideaonline.ie/pdfs/IDEA-Good-Practice-Schools-Full-Report_144dpi_single_pages.pdf

IDEA. 2019. Code of Good Practice for Development Education in Ireland.

www.ideaonline.ie/uploads/files/A4_Code_Principles_Landscape_web.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2005). Intercultural Education Guidelines for Primary Schools.

www.curriculumonline.ie/getmedia/236745b0-a222-4b2a-80b1-42db0a3c7e4c/Intercultural-Education-in-Primary-School_Guidelines.pdf



Aonad Forbartha Curaclaim CDVEC. Tackling controversial issues in the Citizenship classroom: A resource for Citizenship Education

developmenteducation.ie/resource/tackling-controversial-issues-in-the-citizenship-classroom-a-resource-for-citizenship-education/



Oxfam, an Ríocht Aontaithe. (2018). Teaching Controversial Issues: A Guide for Teachers.

policy-practice.oxfam.org.uk/publications/teaching-controversial-issues-a-guide-for-teachers-620473



Comhairle na hEorpa. (2016). Teaching Controversial Issues: Professional development pack for the effective teaching of controversial issues developed with the participation of Cyprus, Ireland, Montenegro, Spain and the United Kingdom and the support of Albania, Austria, France, and Sweden.

edoc.coe.int/en/human-rights-democratic-citizenship-and-interculturalism/7738-teaching-controversial-issues.html